NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Ceardlann 05

DÍRIÚ AR AN BHFOGHLAIM

# TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíodh an leabhrán seo i gcomhar le raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear SSM, an Chigireacht agus Comhlachtaí Bainistíochta.
Tá CNCM thar a bheith buíoch don líon mór múinteoirí a chuir aiseolas cabhrach ar fáil i dtaca leis an acmhainn seo a fhorbairt.

# Nóta chuig éascaitheoirí

## Cuspóir an leabhráin seo

Is cuid de shraith leabhrán *Díriú ar an bhFoghlaim* é seo a bhfuil sé mar aidhm acu tacaíocht a chur ar fáil do chleachtas múinteoirí in Éirinn. Tá an leabhrán seo agus na hábhair lena mbaineann ceaptha le húsáid ar bhealach solúbtha chun múinteoirí a chumasú i dtaca le réimse cur chuige a fhiosrú a chuirfidh ar a gcumas cur chuige soiléir a fhorbairt maidir leis na torthaí foghlama a úsáid. Tá sé mar aidhm ag na hábhair plé foirne uile agus plé foireann-bhunaithe araon a éascú. Is féidir an t-ábhar agus na cuir chuige sa leabhrán seo a úsáid thar gach earnáil, cé go bhfuil béim ar leith ar shamplaí cleachtais ón tsraith shóisearach.

## Conas is ceart an leabhrán seo a úsáid?

Is féidir le scoileanna an t-ábhar a úsáid agus a oiriúnú ar aon bhealach a oireann dá gcomhthéacs féin. Seans go mbeidh sé cabhrach dóibh na céimeanna agus na gníomhaíochtaí a bhfuil breac-chuntas orthu thíos a leanúint nó is féidir leo a bplean ceardlainne féin a fhorbairt. Nuair is féidir, mholfaimis an t-ábhar a úsáid ar bhonn na scoile uile toisc go léiríonn fianaise gur mó seans go ndaingneofar athruithe sa chleachtas má thugtar isteach iad ar bhonn córasach ar fud na scoile.

D'fhonn tacú le scoileanna an leabhrán a úsáid go solúbtha, tá sé roinnte i gceithre théama leathana a d'fhéadfaí a fhiosrú san ord is fearr a oireann do riachtanais na scoileanna. Is féidir na téamaí a úsáid go neamhspleách ar a chéile agus eagraítear iad ionas go gcuirfidh fiosrú ar aon téama leis féin le fiosrú ar théama eile.

Cabhróidh an leabhrán seo leat na ceisteanna a leanas a scrúdú:

- Céard iad torthaí foghlama?
- Cén fáth a n-úsáidfí torthaí foghlama?
- Conas a nasctar torthaí foghlama le rúin foghlama agus critéir ratha?
- Céard iad na tionchair a bhaineann le Torthaí Foghlama a úsáid?
- Conas pleanáil a dhéanamh trí thorthaí foghlama a úsáid?

## An turas i dtreo torthaí foghlama in Éirinn

Tá aistriú i bhforbairt churaclaim in Éirinn ó thús na 2000idí i dtreo cur chuige atá bunaithe ar thorthaí foghlama, ina ndéantar an fhoghlaim a mhíniú trí na nithe ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire faoi dheireadh tréimhse foghlama. Úsáidtear torthaí foghlama anois ag gach leibhéal oideachais in Éirinn, ón réamhscoil go dtí an ollscoil.

Úsáideadh torthaí foghlama den chéad uair i siollabais athchothromaithe an Teastais Shóisearaigh go luath sna 2000idí. Ó shin i leith, de réir mar a tháinig an smaointeoireacht ina leith chun cinn, is gnéithe lárnacha iad de shonraíochtaí na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí agus d'fhorbairtí ar an gcuraclam bunscoile.

Cuireadh béim ar an tuiscint, na scileanna agus na dearcthaí a fhoghlaimeoidh agus a fhorbróidh an scoláire agus dírítear ar eolas ábhair an chúrsa nó na sonraíochta le húsáid torthaí foghlama i bhforbairt churaclaim nua.

## Torthaí foghlama i ndlínsí eile

Choimisiúnaigh CNCM taighde ón Ollamh Mark Priestley, Ollscoil Stirling, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil torthaí foghlama á dtabhairt céim ar aghaidh i Singeapór, in Ontario, sa Cholóim Bhriotanach, sa Nua-Shéalainn agus i Hong Cong.

Cuirtear roinnt eochairtheachtaireachtaí ón taighde in iúl sa ghníomhaíocht ag deireadh an leabhráin seo agus is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán anseo.

## Gluais Leathanaigh

**Bileoga Oibre**
Úsáidtear an tsiombail seo a leanas síos tríd an leabhrán chun gníomhaíochtaí agus bileoga oibre a thaispeáint is féidir a fhótachóipeáil chun a n-úsáid i gceardlann.

# Gníomhaíocht

## Torthaí foghlama – cé chomh maith is atá ag éirí linn?

| | Aontaím | Easaontaím | Méid áirithe |
|---|---|---|---|
| Tuigim go maith an chaoi a dtéann torthaí foghlama, critéir ratha agus rúin foghlama le chéile | ◯ | ◯ | ◯ |
| Pleanálaim an teagasc agus an fhoghlaim trí thorthaí foghlama a úsáid i gcomhpháirt le comhghleacaithe | ◯ | ◯ | ◯ |
| Tá a fhios agam cad iad na torthaí foghlama a mbeidh orm dul siar orthu leis an scoláire | ◯ | ◯ | ◯ |
| Feicim an chaoi a bhféadtar inneachar agus scileanna araon a fhorbairt trí thorthaí foghlama | ◯ | ◯ | ◯ |
| Is féidir liom aonaid foghlama a phleanáil agus úsáid á baint agam as torthaí foghlama i gcomhar le mo chomhghleacaithe | ◯ | ◯ | ◯ |
| Pleanálaim go mbeidh raon cur chuige measúnaithe agam ionas go mbeidh a fhios agam cé chomh maith is atá ag éirí leis an scoláire maidir leis na torthaí foghlama a bhaint amach | ◯ | ◯ | ◯ |
| Le torthaí foghlama, cuirtear ar mo chumas an fhoghlaim a phleanáil don scoláire bunaithe ar a riachtanais foghlama agus an méid atá fiúntach dó | ◯ | ◯ | ◯ |
| Pléim agus aontaím rúin foghlama agus critéir ratha go rialta leis an scoláire | ◯ | ◯ | ◯ |
| Tuigeann an scoláire an chuma atá ar rath | ◯ | ◯ | ◯ |
| Tacaítear leis an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama | ◯ | ◯ | ◯ |

**B'fhéidir go gcabhróidh an ghreille seo chun an túsphointe is oiriúnaí i gcomhair do chuid oibre ar thorthaí foghlama a shainaithint**

# Gníomhaíocht

Gearr suas na cártaí seo agus tabhair tacar do gach grúpa beag nó beirt. An tasc atá acu ná an téarma, an sainmhíniú agus sampla a mheaitseáil le chéile.

| | | |
|---|---|---|
| **Toradh Foghlama** | **Sainmhíniú**<br>Ráitis i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama. | **Sampla**<br>Beidh an scoláire in ann béilí agus sneaiceanna sláintiúla agus cothaitheacha don duine aonair agus don teaghlach a phleanáil, a ullmhú, a chostáil agus a mheasúnú |
| **Rún Foghlama** | **Sainmhíniú**<br>Ráiteas, a chruthaíonn an múinteoir, le haghaidh ceachta nó sraith ceachtanna, ina ndéantar cur síos soiléir ar an méid atá an múinteoir ag iarraidh a bheith ar eolas ag an scoláire, a thuigfidh an scoláire agus a bheidh an scoláire in ann a dhéanamh mar gheall ar na gníomhaíochtaí sonracha foghlama agus teagaisc. | **Sampla**<br>Tá an scoláire ag foghlaim conas na cothaithigh riachtanacha atá de dhíth in aiste bia sláintiúil a shainaithint agus a aimsiú |
| **Critéir Ratha** | **Sainmhíniú**<br>Forbraíonn an múinteoir agus/nó an scoláire iad. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim an scoláire. | **Sampla**<br>Is féidir liom biachlár a chruthú<br>• a léiríonn feasacht ar an ngá le haghaidh cothromaíochta<br>• atá tíosach, cothaitheach agus blasta |

# Torthaí Foghlama, Rúin Foghlama agus Critéir Ratha – An nasc a dhéanamh





**Figure 1: Ag pleanáil an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú**

Le **torthaí foghlama**, cuirtear na hábhair tógála ar fáil don mhúinteoir chun an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú a phleanáil. Is féidir leis an múinteoir **rúin foghlama agus critéir ratha** a úsáid ansin chun an phleanáil a thabhairt céim ar aghaidh agus beocht a chur sna torthaí foghlama i gcleachtas leis an scoláire.


Leis an léaráid thíos, léirítear an gaol idir torthaí foghlama, rúin foghlama agus critéir ratha.

## Céard iad Rúin Foghlama?

Is ráiteas, a chruthaíonn an múinteoir, é rún foghlama le haghaidh ceachta nó sraith ceachtanna, ina ndéantar cur síos soiléir ar an méid atá an múinteoir ag iarraidh a bheith ar eolas ag an scoláire, a thuigfidh an scoláire agus a bheidh an scoláire in ann a dhéanamh mar gheall ar na gníomhaíochtaí sonracha foghlama agus teagaisc. Ba chóir go gcabhródh rúin foghlama shoiléire leis an scoláire díriú, ní hamháin ar an tasc nó an ghníomhaíocht atá ag tarlú, ach ar an méid atá á fhoghlaim aige freisin. **Bíonn nasc idir rúin foghlama agus toradh foghlama amháin nó níos mó sa tsonraíocht i gcónaí**

## Céard iad Critéir Ratha?

Bíonn critéir ratha nasctha le rúin foghlama, agus dá bhrí sin, leis na torthaí foghlama. Forbraíonn an múinteoir agus/nó an scoláire iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma a bhíonn ar rath. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim an scoláire.




Is féidir teacht ar acmhainní a chabhróidh leat agus tú ag pleanáil trí thorthaí foghlama, rúin foghlama agus critéir ratha a úsáid ag

# Gníomhaíocht

**Féach ar an bhfíseán seo de John Hattie agus é ag míniú an luach a bhaineann le rúin foghlama agus critéir ratha a úsáid** (4 nóiméad 44 soicind)

## Ceisteanna machnaimh ar an bhfíseán

Pléigh le do pháirtí

Céard is mó a théann i bhfeidhm ort san fhíseán seo?

Cén fáth a gceapann Hattie gur gá rúin foghlama agus critéir ratha araon a úsáid?

Roinn sampla den chaoi ar úsáid tú an dá rud leis an scoláire

# Torthaí Foghlama – roinnt buntáistí

## Ábharthacht

Tá dóigh mhaith ar mhúinteoirí in Éirinn maidir le bheith ar an eolas faoin méid a bheidh spreagúil, dúshlánach agus suimiúil dá rang. Mar gheall ar sholúbthacht na dtorthaí foghlama, ligtear don mhúinteoir a chomhthéacs áitiúil a úsáid chun foghlaim an scoláire a fheabhsú.

B'fhéidir nach mbeidh an méid atá ábhartha don scoláire i mBaile Átha Cliath ábhartha don scoláire i nDún na nGall ná i gCiarraí. B'fhéidir nach mbeidh an méid atá ábhartha don scoláire atá ag foghlaim i scoil ilchultúrtha i lár na cathrach ábhartha don scoláire a chónaíonn ar oileán nó in áit tuaithe. Is féidir le rang in iarthar na hÉireann, atá ag tabhairt staidéar ar phatrúin aimsire céim ar aghaidh, eolas áitiúil ó iascaire áitiúil a úsáid, mar aon le réamhaisnéisí aimsire ó na nuachtáin, ón teilifís agus ón idirlíon. Lena leithéid de sholúbthacht, ligtear don mhúinteoir a thuairim ghairmiúil a úsáid chun gníomhaíochtaí foghlama éagsúla a chruthú d'fhonn riachtanais foghlama **gach** scoláire a shásamh.

**Smaoinigh ar shamplaí i do shonraíocht ábhair lena bhféadann do chomhthéacs áitiúil a bheith ina bhunús don chaoi a n-oibríonn tú leis na torthaí foghlama.**

## Ionchuimsiú

Le torthaí foghlama, éascaítear an phleanáil i dtreo dearadh uilíoch, ina ndéantar éagsúlacht riachtanais gach scoláire a mheas ó thús an phróisis teagaisc-foghlama, in ionad a bheith ag pleanáil ar bhonn an scoláire "meánchumais". Le solúbthacht na dTorthaí Foghlama is féidir dúshlán a chur faoin scoláire is cumasaí lena fhoghlaim, mar aon le riachtanais an scoláire le riachtanais speisialta oideachais a shásamh. Ina theannta sin, freagraítear d'ilchineálacht na scoláirí (bunaithe ar chultúr, ar chreideamh, ar inscne, ar ghnéasacht mar shampla) le torthaí foghlama agus dá bhrí sin, cumasaítear rannpháirtíocht níos mó san fhoghlaim. Féadann an fhoghlaim a bheith fónta agus fiúntach do gach scoláire.

***Cuimhnigh ar an méid a dúirt Michael Absolum: 'We do not want students to learn something just because it is in the curriculum. We need to make the understanding of and connection to the learning purposeful for them'.***

## Guth an Scoláire

Is ionann torthaí foghlama, rúin foghlama agus critéir ratha a úsáid do roinnt múinteoirí agus athrú mór sa chaoi a múineann siad agus d'fhéadfadh sé go mbeidh aistriú i gceist ó bheith ag brath ar théacsleabhair i dtreo modheolaíochtaí teagaisc éagsúla chun riachtanais gach foghlaimeora a shásamh. Is féidir leis deiseanna a chur ar fáil freisin chun labhairt leis an scoláire faoina fhoghlaim agus faoin gcaoi a bhfuil sé ag déanamh dul chun cinn maidir leis na torthaí foghlama a bhaint amach.




Túsphointe maith ná an scoláire a chur ag caint faoin réamhfhoghlaim atá aige. Má tá na Torthaí Foghlama le bheith ina mbonn eolais do na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim an scoláire, is gá rannpháirtíocht fhiúntach a bheith ann leis an scoláire chun staid reatha a chuid foghlama a shoiléiriú. Cuireann an leabhrán Díriú ar an bhFoghlaim 'Aiseolas Foirmitheach' moltaí úsáideacha ar fáil maidir le haird an scoláire a tharraingt i gcomhráite fiúntacha faoina chuid foghlama.

## Comhoibriú agus gairmiúlacht feabhsaithe don mhúinteoir

*'Tugtar aitheantas sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) don tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil agus le comhoibriú idir múinteoirí chun bonn eolais a chur faoina dtuiscint ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú agus faoina gcleachtas sa rang.'*

**Creat don tSraith Shóisearach, 2015, lch 6**

Príomhghné de thorthaí foghlama a úsáid ná oibriú le múinteoirí eile chun pleanáil ar aghaidh a dhéanamh trí thorthaí foghlama a úsáid.

**Éist leis an Ollamh Andy Hargreaves ag labhairt faoi thábhacht na gairmiúlachta comhoibríche.**

**Cuimhnigh ar an gcaoi a ndeachaigh tú i ngleic go comhoibríoch le torthaí foghlama i do scoil. Céard iad na buntáistí a bhain leo? Céard eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ag leibhéal na scoile uile agus ag leibhéal na roinne chun tacú le cleachtas comhoibríoch?**

# Gníomhaíocht

## Cén fáth a n-úsáidfí Torthaí Foghlama mar sin?

### Buntáistí don Fhoghlaimeoir

Spreagann siad an foghlaimeoir chun:

- A bheith gníomhach ina chuid foghlama féin
- Tuiscint níos soiléire a bheith aige faoi cad ba cheart dó a fhoghlaim
- Féinmhachnamh a dhéanamh ionas go mbeidh a fhios aige cén chaoi a bhfoghlaimíonn sé, mar aon le céard atá á fhoghlaim aige
- Súil a choinneáil ar a dhul chun cinn féin
- A bheith níos spreagtha ina chuid foghlama
- Raon scileanna a fhorbairt
- Guth a bheith aige ina chuid foghlama

### Buntáistí don Mhúinteoir

Tugann siad deis níos fearr don mhúinteoir chun:

- Oibriú as lámh a chéile le comhghleacaithe eile sa phleanáil
- Raon modhanna teagaisc agus tascanna foghlama a roghnú don scoláire
- Measúnuithe a dhearadh a ligeann don scoláire a thuiscint agus a scileanna a thaispeáint i dtaca leis na torthaí foghlama
- Aiseolas níos dírithe a chur ar fáil don scoláire faoin gcaoi a bhféadfadh sé feabhsú
- Aird gach scoláire a mhealladh, an scoláire is inniúla agus an scoláire atá ag tearcghnóthú san áireamh
- Rogha a dhéanamh maidir le cad a theagascfar agus an t-ord lena theagasc

*'Learning outcomes have great potential to facilitate better learning and teaching'*

**An tOllamh Mark Priestley, Ollscoil Stirling**

An aontaíonn tú leis an ráiteas sin?

# Gníomhaíocht

## Gníomhaíocht Plé

Péireáil agus roinn – ó do thaithí go dtí seo ag obair le torthaí foghlama, **céard iad na dúshláin?** Aontaígí na dúshláin is coitianta agus pléigí an chaoi chun dul i ngleic leo.

**Céard iad na dúshláin is coitianta?**

**Conas is feidir dul i ngleic leo?**

## An bhféadtar iad díreach a dhéanamh níos sainiúla?

Maítear go minic *'go bhfuil na Torthaí Foghlama ródhoiléir agus nach bhfuil siad sainiúil go leor.'* Léirítear le fianaise ó thaighde ó dhlínsí eile (CEDEFOP, 2009), áfach, go mbíonn an méid a leanas mar thoradh ar róshonraíocht na dtorthaí foghlama:

- forbairt ar chórais atá an-mhaorlathach
- sonraíochtaí casta a chuireann bac ar an dea-theagasc
- ticeáil boscaí
- foghlaim fhánach don scoláire
- an iomarca measúnuithe agus méadú ar ualach oibre an mhúinteora

*Agus tacaíocht á cur ar fáil do mhúinteoirí agus iad ag obair le torthaí foghlama, tá sé mar aidhm ag an leabhrán seo an róshonraíocht a sheachaint ionas nach dtiocfaidh na fadhbanna sin aníos i gcleachtas mar thoradh uirthi.*

# Ag dul i ngleic le Torthaí Foghlama

Gné thábhachtach de thorthaí foghlama a láimhseáil ná machnamh cúramach a dhéanamh ar na briathra a úsáidtear le torthaí foghlama e.g. *sainaithin, cuir síos, iniúch*.

Roghnaíodh na briathra sin go cúramach chun an múinteoir a chur ar an eolas faoin méid atáthar ag súil leis ón scoláire agus cinntítear leis an raon briathra a úsáidtear go bhféadann an scoláire raon scileanna agus eolais a bhaint amach.

Tá brí ar leith ag gach briathar agus, mar sin, tá sé tábhachtach a bheith cleachta leis an ngluais ag deireadh gach sonraíochta ina bhfuil sainmhíniú ar gach ceann.

## Gníomhaíocht 1

Áirítear ar an leathanach a leanas liosta de roinnt de na briathra is coitianta a úsáidtear i dtorthaí foghlama.

Déan fótachóip de leathanach 12 (ceann in aghaidh an ghrúpa) agus ansin gearr gach leathanach ina phíosaí.

Oibrigh le chéile i ngrúpaí beaga (cúig nóiméad) le fáil amach má tá tú in ann gach briathar gnímh a mheaitseáil leis an sainmhíniú ceart.

## Gníomhaíocht 2

Roghnaigh dhá nó trí thoradh foghlama ó do shonraíocht ábhair.

Le comhghleacaí, pléigh conas a d'fhéadfá aird an scoláire a mhealladh leis na torthaí foghlama agus sainmhíniú an bhriathair ghnímh á chur san áireamh.

*'Shared sense-making is suggested to be key for curriculum reform. Shared sense-making entails constructing a collective understanding of the meaning for reform, its significance and its implications for schools…'*

**Pyhältö, K., Pietarinen, J., & Soini, T. (2018).**

## Gníomhaíocht 3


B'fhéidir go bhfuil sé tugtha faoi deara agat go bhfuil briathra san áireamh sna Torthaí Foghlama i do shonraíocht

a. a dhíríonn ar raon scileanna ardoird agus ísealoird smaointeoireachta (a bhfuil nasc acu le tacsanomaíochtaí amhail iad siúd a d'fhorbair Andersson, Krathwold agus Bloom.)

b. a bhaineann le forbairt an eolais agus scileanna araon

### Pléigh

- cén chaoi a bhféadfá tógáil ar fhoghlaim an scoláire thar thrí bliana, ag úsáid torthaí foghlama, chun raon eolais agus scileanna smaointeoireachta a fhorbairt leis an scoláire?
- Trí Thorthaí Foghlama a úsáid, cén chaoi a dtacaítear leis an gcineál foghlama a theastaíonn ó dhaoine óga in Éirinn i gcomhthéacs na n-athruithe a bheidh os a gcomhair i saol an staidéir agus na hoibre?



# Gníomhaíocht 1

| | |
|---|---|
| **Aithin** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Cuir i láthair** | rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú |
| **Cuir síos** | tuairisc a thabhairt, i bhfocail, líníochtaí nó íomhánna, maidir le príomhphointí an ábhair |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá (nó níos mó) rud, dearcadh nó seasamh, ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd |
| **Déan critic ar** | gnéithe dearfacha agus diúltacha a lua maidir le, mar shampla, smaoineamh, dearcadh nó ócáid ag tabhairt cúiseanna |
| **Déan díospóireacht** | dearcadh nó argóint a leagan amach faoi ábhar a bhfuil tuairimí difriúla ann ina leith, agus cruthúnas a sholáthar don seasamh sin |
| **Déan measúnú** | scileanna breithiúnais agus meastóireachta a thaispeáint, ag déileáil go cothrom le tuairimí difriúla |
| **Déan suirbhé** | scrúdú nó tomhas a dhéanamh ar bhealach mionsonraithe |
| **Déan taighde** | eolas oiriúnach a fháil, a chur in eagar, a thaifeadadh, a anailísiú agus conclúidí a bhaint as |
| **Fiosraigh** | dlúthbhreathnú córasach a dhéanamh ar rud chun rud éigin a fháil amach; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh |
| **Iniúch** | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus chun teacht ar chruthúnas tacaíochta do chonclúidí |
| **Measúnaigh** | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Mínigh** | tugtar níos mó ná liosta fíricí/smaointe le fios: ní mór na cúiseanna nó an fáth taobh thiar de na fíricí/smaointe sin a thabhairt chomh maith |
| **Mol (comhairligh)** | rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir airithe |
| **Pléigh** | fiosrú a dhéanamh faoi choincheapa, tuiscintí nó dearcadh eile ar ábhar agus a chonclúid/dhearcadh féin a fhorbairt, a mbeidh fianaise nó cúiseanna cuí mar thaca leis. |
| **Sainaithin** | fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Scrúdaigh** | argóint nó coincheap a fhiosrú/a imscrúdú ar bhealach a nochtann an bunús, na toimhdí agus na caidrimh atá mar bhonn leis |
| **Sintéisigh** | gnéithe/smaointe difriúla a tharraingt le chéile d'fhonn teacht ar thuiscint nua |

# Gníomhaíocht 2

Oibrigh le comhghleacaí chun dhá thoradh foghlama chomhlántacha nó níos mó a roghnú ó d'ábhar féin. I gcás múinteoirí a oibríonn le ATF, roghnaigh Toradh Foghlama ó ATF a chomhlánaíonn Toradh Foghlama ábhair. Ansin, úsáid an ghreille thíos mar thúsphointe chun aonad foghlama a phleanáil.

| | |
|---|---|
| **Toradh/Torthaí Foghlama sainaitheanta** | |
| **Cén chaoi a ndéanfaidh mé réamheolas an scoláire a mheas sa réimse seo?** | |
| **Céard atá mé ag iarraidh a bheith ar eolas ag an scoláire?** | |
| **Céard atá mé ag iarraidh ar an scoláire a thuiscint?** | |
| **Cén chaoi a gcuirfidh an scoláire an t-eolas sin i bhfeidhm agus a thuiscint a léiriú?** | |
| **Cén chaoi a bhféadfá scileanna féinmhachnaimh an scoláire a fhorbairt?** | |
| **Cén chaoi a bhforbróidh mé príomhscileanna an scoláire?** | |
| **Cén chaoi a bhféadfainn an fhoghlaim seo a dhéanamh soiléir agus ábhartha don scoláire?** | |
| **Cén chaoi a mbeidh a fhios agam gur éirigh leis an bhfoghlaim seo?** | |

# Ag obair le torthaí foghlama, rúin foghlama agus critéir ratha

Cuireann an chuid seo roinnt samplaí ar fáil den chaoi a bhféadann múinteoirí tabhairt faoin bpleanáil le torthaí foghlama in ábhair éagsúla

Tá na hábhair go léir ar fáil ar www.curriculumonline.ie

# **Sampla 1:** Oideachas Reiligiúin

## Torthaí foghlama

1.2 Iniúchadh a dhéanamh ar dhá phobal creidimh a bhfuil láithreacht nach beag acu ina cheantar/réigiún féin.

1.3 Dul i ngleic le baill de phobail chreidimh, a bhfuil baint acu le ceann amháin de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht seo, a chónaíonn sa cheantar áitiúil, agus léirthuiscint a thaispeáint maidir leis an gcaoi ina n-imríonn creidimh reiligiúnacha na bpobal sin tionchar ar shaol a mball ó lá go lá

3.4 Iniúchadh a dhéanamh maidir le cad is brí le saol atá go maith ó thaobh na moráltachta de a leanúint ag déanamh tagairt do dhá mhór-reiligiún dhomhanda agus iad a chur i gcomparáid le dearcadh neamhreiligiúnach ar an domhan.

## Rúin foghlama shamplacha

Táim ag foghlaim chun:

- Taighde a dhéanamh ar phobail chreidimh a chónaíonn inár gceantar
- Comhrá a dhéanamh le baill de phobal creidimh ar leith ionas go bhféadaimid foghlaim faoina gcreideamh agus cleachtas
- Ceisteanna maithe a chur agus éisteacht go measúil
- An chaoi a maireann daoine lena gcreideamh ar bhealaí difriúla a phlé

## Gníomhaíochtaí foghlama samplacha

- Léarscáil a chruthú a léiríonn áiteanna ina gceantar a bhfuil nasc acu le pobal creidimh
- (Suíomh gréasáin úsáideach: CSO http://airo.maynoothuniversity.ie/external-content/table-36-population-province-or-county-religion-year-and-statistics-1891-2011)
- Fianaise a ghabháil ar 'phobail chreidimh' go háitiúil agus cur i láthair a chruthú, ag úsáid fón nó ceamaraí aon uaire nó digiteacha má tá siad ar fáil.
- Daoine ar scoil nó sa phobal i gcoitinne a chur faoi agallamh faoina gcreidimh agus cleachtais reiligiúnacha.
- Cuairteoirí ranga a shocrú nó skype/ríomhphost a úsáid chun comhrá a dhéanamh le hionadaithe ó phobal creidimh ar leith.
- Bileog oibre/eagraí grafach a úsáid chun achoimre a dhéanamh ar an bhfoghlaim faoi chreidimh agus cleachtais éagsúla.
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht foghlama Jigsaw chun taighde agus foghlaim faoi phobail chreidimh éagsúla a roinnt.

## Gníomhaíocht measúnaithe shamplach

Cruthaigh píosa gearr oibre (scríofa, ó bhéal, leictreonach) a léiríonn an méid atá foghlamtha agat faoi chreidimh agus cleachtais reiligiúnacha an phobail chreidimh atá roghnaithe agat. Féadann an scoláire oibriú i ngrúpaí beaga nó leis féin chun an measúnú a chur i gcrích agus ní gá do gach scoláire sa rang díriú ar an bpobal creidimh nó mór-reiligiún domhanda céanna.

## Success criteria

- Mhínigh mé go soiléir dhá nó trí phríomhchreideamh agus cleachtas ón bpobal creidimh a roghnaigh mé
- Léirigh mé an chaoi a dtéann na creidimh sin i bhfeidhm ar shaol laethúil na gcreidmheach
- Chuir mé mo mhachnamh féin ar fáil maidir leis an méid a d'fhoghlaim mé agus aon cheist atá fós agam.

# **Sampla 2:** Ceol

## Torthaí foghlama

1.10 plé a dhéanamh ar shaintréithe agus ar ghnéithe sainithe stíleanna codarsnacha ceoil a léirítear sa scoil áitiúil nó sa phobal

3.8 fógra faoi leith a roghnú agus anailís a dhéanamh ar an ról atá ag an gceol sin maidir le tacú leis an teachtaireacht agus an táirge a chur chun cinn

3.4 glicín úrnua nó píosa gairid ceoil a chumadh agus a thaibhiú lena úsáid i bhfógra nua do tháirge, agus an saothar cumadóireachta a thaifeadadh

## Rúin foghlama shamplacha

Táim ag foghlaim chun:

- Na caidrimh idir íomhá agus fuaim a iniúchadh
- An ról a ghlacann an ceol maidir le dul i bhfeidhm ar nósanna tomhaltóirí a fhiosrú
- Roinnt fógraí atá ar an teilifís/raidió faoi láthair a scrúdú agus tondath, tonúlacht, tempo, dinimic agus uigeacht na bhfógraí sin a anailísiú
- Na critéir le haghaidh fógra rathúil a shainaithint
- Smaoineamh nuachumtha ceoil a chruthú chun táirge a chur chun cinn
- Oibriú leis an teicneolaíocht chun taifeadadh a dhéanamh den smaoineamh ceoil

## Gníomhaíochtaí foghlama samplacha

- Éisteacht le sraith sleachta ceoil a úsáidtear chun táirge a fhógairt agus íomhá an táirge a mheaitseáil leis an bhfuaim
- Sraith íomhánna de tháirgí éagsúla a chur i láthair an scoláire agus plé a éascú chun smaointí a ghiniúint maidir leis na huirlisí, an tempo, dinimic agus an tonúlacht is fearr a thacódh agus a rachadh leis an táirge a chur chun cinn
- Comparáid a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla ceoil a sheinntear i gcineálacha difriúla siopaí/ollmhargaí, agus tionchar an cheoil ar iompar/patrúin ceannaigh an chustaiméara a phlé
- Ceol ó thrí thréimhse éagsúla a úsáidtear san fhógraíocht trí mheáin éagsúla a shainaithint
- Daoine ón scoil nó ón bpobal i gcoitinne a chur faoi agallamh chun a ndearcthaí a fháil amach agus a chur i gcomparáid maidir leis na fógraí a chuireann an ceol agus íomhánna le chéile go rathúil, dar leo
- Agus na critéir ó na hagallaimh sin á n-úsáid, gligíní nó móitífeanna gearra ceoil (uirlise nó gutha) a chruthú a d'fhéadfaí a úsáid san fhógraíocht
- Bealaí chun cumadóireacht nuachumtha a thaifeadadh agus a roinnt a iniúchadh agus a mheas

## Gníomhaíocht measúnaithe shamplach

D'iarr stiúrthóir bainistíochta Coffee Bean Inc. ort feachtas margaíochta a cheapadh le haghaidh a bpónairí caife nua, ar a dtabharfar 'Caife Taifí'. Tá blas taifí ar an táirge caife seo; tá sé sofaisticiúil, costasach agus dírithe ar mhargadh daoine fásta. Ní mór duit móitíf ceoil 20 soicind a cheapadh a chuirfidh an táirge chun cinn go rathúil. Ní mór duit an stíl, tonúlacht, tondath agus uigeacht is fearr a úsáid a bheartú chun é seo a dhéanamh. Ní mór duit an chumadóireacht a thaifeadadh agus a roinnt le bainisteoir na cuideachta.

## Critéir ratha

- Tá spéis dhinimiciúil éigin ag mo smaoineamh ceoil
- Tá breachnú éigin ó thaobh tondath agus uigeacht de ag mo mhóitíf
- Téann an stíl a roghnaigh mé go maith le híomhá an táirge
- Tá gligín cruthaithe agam a mhaireann 20 soicind
- Bhain mé úsáid as an teicneolaíocht chuí chun an chumadóireacht a thaifeadadh
- Roinn mé an taifeadadh leis an mbainisteoir (múinteoir)

# **Sampla 3:** Amharc - Ealaín

Oireann an t-aonad seo do ghrúpa cumais mheasctha na chéad bhliana tar éis roinnt ranganna ina raibh an scoláire ag cleachtadh agus ag forbairt a scileanna grinnis agus líníochta foirmeacha nádúrtha ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne.

## Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

1.1 anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair duine eile, leis an bhfoclóir agus leis an eolas cuí

1.4 taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórthimpeall air a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú

1.5 an domhan a léirmhíniú agus smaointe a chur in iúl trí mhodh amhairc

1.11 úsáid na ngnéithe ealaíne agus na bprionsabal deartha ina shaothar ealaíne féin a mheas

1.14 meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú

## Rúin foghlama shamplacha

Táim ag foghlaim chun:

- Saothar ealaíontóirí cáiliúla a d'oibrigh le foirmeacha nádúrtha freisin a scrúdú
- Foirmeacha nádúrtha a thabhairt faoi deara agus a thaifeadadh
- Foirmeacha nádúrtha a léiriú trí líníocht agus trí dhath agus uigeacht a úsáid
- Teanga ealaíonta a úsáid chun mo shaothar féin agus saothar daoine eile a phlé
- Machnamh a dhéanamh ar scileanna agus teicnící a úsáideadh chun na foirmeacha nádúrtha a léiriú sa líníocht

## Gníomhaíochtaí measúnaithe samplacha

- Do líníochtaí a thaifeadadh i do bhloc sceitseála Amharc-ealaíne
- An chaoi ar léirigh tú an fhoirm nádúrtha trí do líníocht agus trí dhath agus uigeacht a úsáid a thaispeáint
- Do shaothar féin agus saothar daoine eile a phlé le teanga ealaíonta
- Do thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a thaispeáint trí shaothar ealaíontóirí cáiliúla a phlé

## Critéir ratha

Is féidir liom:

- Foirmeacha nádúrtha a thabhairt faoi deara agus a thaifeadadh
- Triail a bhaint as teicnící líníochta agus dath agus uigeacht a úsáid chun an méid a fheicim a léiriú
- Mo shaothar a thaispeáint i mo bhloc sceitseála Amharc-ealaíne
- Mo shaothar féin agus saothar daoine eile a phlé le teanga ealaíonta
- Machnamh a dhéanamh ar an bplé agus foghlaim don todhchaí a phleanáil

# Aguisín – Dul i ngleic le taighde ar thorthaí foghlama

## Taighde Idirnáisiúnta

Choimisiúnaigh CNCM an tOllamh Mark Priestley ó Ollscoil Stirling chun taighde a dhéanamh ar an gcaoi ar tugadh torthaí foghlama céim ar aghaidh i ndlínsí eile.

Cuirtear roinnt eochairtheachtaireachtaí ón taighde in iúl sna ceithre shliocht ar na leathanaigh a leanas agus is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán anseo

## Gníomhaíocht

Is féidir an ghníomhaíocht seo a thabhairt ar aghaidh mar ghníomhaíocht scoile uile nó i ngrúpaí ábhair níos lú de cheathrar nó ochtar rannpháirtithe.

Ba chóir na ceithre chuid ar an gcéad leathanach eile a roinnt amach idir baill an ghrúpa.

Léann gach ball nó beirt an cárta cúpla uair agus tógann sé/sí nótaí ar na príomhphointí ón gcárta. Go haonair nó le páirtí, cuirtear na príomhphointí ar phóstaer A3 le grafaic, líníocht, nó go simplí le sraith eocharfhocal.

Ansin déanann gach duine aonair nó beirt sealaíocht ar phríomhphointí an tsleachta a roinnt leis an gcuid eile den ghrúpa. (5 nóiméad an duine)

## Torthaí Foghlama: Dearcadh Idirnáisiúnta-

### **Sliocht a hAon:** Eolas

Díríonn an taighde aird ar an tábhacht a bhaineann le leanúint le luach a chur ar áit an eolais san fhoghlaim, mar aon lenár dtuiscint ar an méid is brí le heolas a leathnú. Áitítear leis cé go mb'fhéidir go ndíríonn roinnt torthaí foghlama ar fhorbairt na bpríomhscileanna, go bhfuil sé tábhachtach freisin a chinntiú go dtéitear i ngleic le príomhghnéithe an eolais. Aibhsítear leis an taighde go bhfuil ceangal idir an t-eolas agus scileanna agus gur chóir iad a fhorbairt ar bhealach comhtháite. Moltar leis freisin cur chuige i leith torthaí foghlama a sheachnaíonn an t-eolas a láimhseáil mar liosta rudaí atá le múineadh.

### **Sliocht a Dó:** An bhféadtar iad a dhéanamh níos sainiúla?

Leis an taighde, cuirtear an argóint i gcion go bhfuil an baol ann go bhféadfadh na torthaí foghlama a bheith mar bhoscaí le ticeáil le haghaidh measúnaithe má chuirtear le chéile iad le go leor sonraí le samplaí cleachtais ar leith. I gcodarsnacht leis sin, cuireann torthaí foghlama leathana an spás a theastaíonn ó mhúinteoirí ar fáil chun an curaclam a dhéanamh níos oiriúnaí agus níos ábhartha don scoláire. An baol atá ann leis an iomarca sonraí ná go mbeidh easpa leanúnachais san inneachar in ionad eolas agus scileanna comhtháite a dhéanann ciall don fhoghlaimeoir.

### **Sliocht a Trí:** Cleachtas a Athrú 1

The research argues that is important not to underestimate the challenge that using learning outcomes presents for teachers. In particular, it will be a significant challenge for teachers who previously worked with a detailed syllabus, often supported by text books. In such cases the use of learning outcomes represents significant changes in both the personal and professional beliefs of teachers. Such a change in practice will not happen overnight but is most likely to occur when teachers take forward professional learning in the context of their own school. A key feature of such localized professional learning is to use learning outcomes as a basis for collaborating with colleagues to plan for learning, teaching and assessment.

### **Sliocht a Ceathair:** Cleachtas a Athrú 2

Ní mór do mhúinteoirí 'úinéireacht' a ghlacadh ar na torthaí foghlama ionas go bhforbróidh siad dearcadh ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc lena bhfuil níos mó i gceist ná an t-eolas a roinnt leis an scoláire ar mhaithe le scrúduithe. Má úsáidtear i gceart iad, féadann torthaí foghlama tacú le múinteoirí chun an scoláire a chumasú d'fhonn tuiscint níos doimhne a fhorbairt, naisc a dhéanamh idir eolas difriúil, agus an t-eolas a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna difriúla. Ionas go dtarlóidh an t-athrú seo, is gá tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí chun muinín a fhorbairt ina gcuid cinnteoireachta féin faoin inneachar agus faoi mhodhanna a oireann do gach scoláire. Ní thacófar le múinteoirí sa phróiseas sin trí bheith ag brath ar shamplaí cineálacha a d'fhorbair daoine eile i gcomhthéacs difriúil.

# Léitheoireacht Bhreise


*Torthaí Foghlama – Dearcadh Idirnáisiúnta (CNCM, 2019)* Páipéar taighde arna stiúradh ag an Ollamh Mark Priestley, Ollscoil Stirling, ina ndéantar scrúdú ar an gcaoi a bhfuil torthaí foghlama á dtabhairt céim ar aghaidh i Singeapór, in Ontario, sa Cholóim Bhriotanach, sa Nua-Shéalainn agus i Hong Cong.

*Application of Learning outcomes approaches across Europe: A comparative study* (CDEDFOP, 2016)

Pyhältö, K., Pietarinen, J., & Soini, T. (2018). *Dynamic and shared sense-making in large-scale curriculum reform in school districts.* Curriculum Journal, 29(2), 181–200.

# Aguisín: Gluais

## Torthaí Foghlama

Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na torthaí foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

## Intinní Foghlama

Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, a chuireann síos go soiléir cad é is mian leis an múinteoir a bheadh a fhios ag na scoláirí, a thuigfeadh siad agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

## Critéir Ratha

Bíonn na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos *ar an gcuma* a bheadh ar iarracht rathúil.

## Measúnú Leanúnach

Mar chuid dá gcuid oibre sa seomra ranga, tugann scoláirí faoi ghníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leo a bheith foirmitheach nó suimitheach ina ndéanamh. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid dá gcleachtas laethúil trí bhreathnú agus éisteacht le linn do scoláirí a bheith i mbun tascanna, trí amharc ar an méid a scríobhann siad agus a dhéanann siad, agus trína chur san áireamh an chaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann siad agus a gcuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an t-eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí na chead chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha agus níos foirmiúla ina mbeidh ar mhúinteoirí léargas a fháil ar dhul chun cinn na scoláirí d'fhonn cinntí a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus d'fhonn tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn. Seans go mbeidh ar scoláirí tionscadail, imscrúduithe, cás-staidéir agus/nó teisteanna a dhéanamh mar chuid de sin agus seans go dtitfidh sé amach ag pointí ama ar leith ar fhéilire na scoile.

## Measúnú Foirmitheach

Bíonn measúnú foirmitheach (nó múnlaitheach) nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise a bhailiú ar an bhfoghlaim le linn an phróisis fhoghlama, agus a úsáidtear é chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais scoláirí. Ligeann an próiseas seo do mhúinteoirí agus do scoláirí eolas a bhailiú faoi dhul chun cinn scoláirí, agus coigeartuithe a mholadh i leith chur chuige teagaisc an mhúinteora agus cur chuige foghlama an scoláire. Clúdaíonn measúnú chun foghlama na gnéithe uile den mheasúnú foirmitheach ach go mbíonn sé dírithe go speisialta ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

## Measúnú Suimitheach

Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun luacháil a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is é an cuspóir atá leis achoimre a thabhairt ar chuid éachtaí scoláirí agus a oibriú amach cé acu agus go dtí cén pointe a léirigh scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomórtas le critéir ratha nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe.

## Gnéithe Cáilíochta

Is iad seo na ráitis i sonraíochtaí an ghearrchúrsa/an ábhair a thacaíonn le múinteoirí agus iad ag déanamh breithiúnas faoi cháilíocht obair scoláirí le haghaidh gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. De bhrí go bhfuil critéir ratha nasctha go dlúth le hintinní foghlama agus bunaithe ar phróisis laethúla an tseomra ranga, de réir a chéile beidh foghlaim scoláirí ina scáil ar na héilimh a leagtar amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.

# Notaí

Arna fhoilsiú ag an CNCM, Meán Fómhair 2019

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

35 Fitzwilliam Square, Dublin DO2 KH36.
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: info@ncca.ie

**www.ncca.ie**